Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# FEINMHEASTÓIREACHT SCOILE

## CLÁR TACAÍOCHTA SÉ CHÉIM FMS

### CAD É ATÁ ANN?

Féachann an clár seo le treoir agus tacaíocht a thabhairt d'fhoirne ceannaireachta FMS in iarbhunscoileanna maidir le FMS a phleanáil agus a chur i bhfeidhm go rathúil ina scoil trí chur chuige céim ar chéim a ghlacadh maidir le meastóireacht agus le pleanáil agus cur i bhfeidhm feabhsúcháin le linn bliain acadúil.

### CAD É ATÁ I GCEIST?

Is clár bliana é seo ina bhfuil sé sheisiún ar líne a thugann na rannpháirtithe trí fhéinmheastóireacht agus feabhsúchán scoile a phleanáil agus a chur i bhfeidhm. Cuirfear treoir shoiléir ar fáil do scoileanna maidir leis na rudaí a ba cheart a dhéanamh ag gach céim, acmhainní atá le húsáid chun FMS a threorú ina scoil, agus tacaíocht aonair ó bhall d'Fhoireann Ceannaireachta lánaimseartha Oide (CFG). Déanfar scoileanna rannpháirteacha a ghrúpáil de réir réimsí leathana fócais ionas gur féidir leo comhoibriú agus taithí, smaointe agus acmhainní a roinnt. Tá an clár teagmhálach, praiticiúil agus ábhartha do shainriachtanais gach scoile. I measc na réimsí a chlúdaítear áirítear úsáid éifeachtach sonraí /faisnéise /fianaise, socrú spriocanna, sainaithint gníomhaíochta, monatóireacht agus meastóireacht, ceannaireacht i leith athraithe, agus cur chun feidhme éifeachtach.

### CONAS IARRATAS A DHÉANAMH

Cómhlánaigh an fhoirm iarratais ag an nasc **seo**

### BUNTÁISTÍ

Pleanáil éifeachtach FMS, socrú spriocanna, cur i bhfeidhm, monatóireacht agus athbhreithniú. Rannpháirtíocht chomhoibríoch le ceannairí FMS i scoileanna eile. Dóchúlacht mhéadaithe go mbainfear amach spriocanna FMS agus go mbeidh luach ag baint leis an bpróiseas FMS don scoil. Tacaíocht FMS duine ar dhuine ó CFG ó fhoireann Ceannaireachta Oide. Torthaí feabhsaithe do scoláirí.

### CÉ

Ní mór do cheannaire sinsearach amháin (príomhoide nó leas-phríomhoide) agus don Chomhordaitheoir FMS freastal ar gach seisiún. Moltar do bhaill eile d'fhoireann FMS gach scoile a bheith i láthair freisin ach tá sé éigeantach an bheirt cheannairí a bheith i láthair. Mura féidir leis an gceannaire sinsearach agus an Comhordaitheoir FMS gealltanas a thabhairt freastal ar gach seisiún, níor cheart dóibh iarratas a dhéanamh chun páirt a ghlacadh sa chlár seo.

### BUNAITHE AR THAIGHDE

Tá an clár seo fréamhaithe san fhoghlaim ghairmiúil agus sa taighde ar chleachtas atá bunaithe ar shonraí. Tarraingíonn sé go mór ar obair an Dr. Shivaun O'Brien ón Lárionad Meastóireachta, Cáilíochta agus Cigireachta (EQI) atá lonnaithe in Institiúid Oideachais OCBÁC , agus go háirithe ar shamhail chur i bhfeidhm FMS a d'fhorbair agus a chuir an Dr. O'Brien i bhfeidhm. D'oibrigh an Dr. O'Brien le Oide i ndearadh an chláir seo agus táimid an-bhuíoch di as a treoir, a gnaíúlacht agus a tacaíocht.

@Oide_Leadership